

**RAMELTON**  
FLOOD RELIEF SCHEME



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council



Tionscatal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

**OPW** Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

## Ráth Mealtain Scéim Cosanta Tuilte



## Nuachtlitir Feabhra 2023

SAN EAGRÁN SEO

## Forléargas is Úire

Seo an séú nuachtlitir i dtaca le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain. Ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó bhí an nuachtlitir dheireanach ann, tá, samhaltú hidrálach, ceardlann theicniúil hidrálaise, eisiúint na dréacht-tuarascála hidreolaíochta agus leanúint den tsuirbhé hidriméadrachta.

Oibreacha Suirbhé

Leathanach 2

Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Leathanach 3

Hidreolaíocht agus Hidrálais

Leathanach 4

An Chéad Chéim Eile?

Leathanach 5

## Oibreacha Suirbhé (Cois Cósta - Suirbhé Hidriméadrachta)

Go dtí seo, tá foireann an tionscadail i ndiaidh ocht dtacar de shonraí hidriméadrachta a fháil ó na tomhsairí a thomhaiseann leibhéal taoide thart ar Loch Súilí, ag clúdach na tréimhse Bealtaine 2022 go Eanáir 2023.

Tá an tacar deiridh de shonraí insoláthartha lena fháil roimh dheireadh mhí Feabhra 2023, agus cuirfidh sé sin deireadh leis an tsuirbhé. Beidh na sonraí ríthábhachtach i dtaca le baol na dtuillte cósta i Ráth Mealtain a thuigbheáil.



*Suíomh na dTomhsairí i Loch Súilí*

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

## Suirbhéanna Speisialta

Táthar ag tabhairt faoi na suirbhéanna speisialta bonnlíne timpeallachta faoi choinne Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain faoi láthair:

- Cuireadh na Suirbhéanna Éiceolaíochta Uiscí i gcrích.
- Cuireadh na Suirbhéanna Ialtóg i gcrích.
- Cuireadh na Suirbhéanna Crann i gcrích. Tá díol spéise amháin ón tsuirbhé le sonrú thíos.



*Crainn Feá Eorpacha atá suite le cois  
uiscechúrsa an Mhuilinn Úir i Ráth Mealtain.*

Tabharfar faoi shuirbhéanna speisialta eile in am trátha nuair a bheas na bearta cosanta tuilte níos sainithe.

## Réitigh Dhúlra-Bhunaithe ar an Bhainistiú Dobharcheantair (RDB-BD)

Tá foireann an tionscadail ag cur críoch leis an mheasúnú ar an acmhainneacht i dtaca le (RDB-BD) sna dobharcheantair abhann i mRáth Mealtain d'fhonn an baol tuilte a mhaolú. Tá mapáil na ndobharcheantar curtha i gcrích. Tá athbhreithniú deiridh á dhéanamh ar staidéar féidearthachta iomlán, sula gcuirfear faoi bhráid an ghrúpa stiúrtha é.

# Anailís Hidreolaíochta & Samhaltú Hiodrálach

Tá forbairt na samhla hiodrálaí sa tsiúl. Reáchtáil foireann an tionscadail ceardlann theicniúil le baill den ghrúpa stiúrtha ar an 30/11/2022 le plé a dhéanamh ar dhul chun cinn an tsamhaltaithe go dtí sin. Tá breac-chuntas thíos ar na topaicí a pléadh le linn na ceardlainne.

- Eolas Cúlra
- Tógáil Samhla (1T/2T)
- Calabhrú/Fíorúchán
- Aschuir Samhla

Tá foireann an tionscadail ag plé faoi láthair le haiseolas ón cheardlann theicniúil. Cuirfear rití deireanacha na samhla bonnlíne i gcrích chomh luath is a gheofar an tacar deiridh de shonraí insoláthartha ón tsuirbhé hidriméadrachta agus a bheas athbhreithniú iomlán déanta orthu (táthar ag súil leis seo faoi dheireadh mhí Feabhra, 2023).



*Abhainn na Leanainne, ag amharc suas an abhainn i dtreo Dhroichead Ráth Mealtain*

# An Chéad Chéim Eile?

Sna míonna beaga atá romhainn, beidh Foireann an Tionacadail ag obair ar:

- ➔ Leanúint leis na Suirbhéanna Speisialta Timpeallachta.
- ➔ Leanúint leis an tSamhaltú Hiodrálach.
- ➔ Bailiú sonraí leibhéal uisce taoide faoi choinne measúnú ar bhaol tuilte cósta
- ➔ Tuairisciú ar Réitigh Dhúlra-Bhunaithe ar an Bhainistiú Dobharcheantair a chur i gcrích
- ➔ Tús a chur le dréachtú na dTuarascálacha Scagthástála Measúnachta Tionchair Timpeallachta
- ➔ Tús a chur le dréachtú na Scagthástála Measúnaithe Iomchuí faoi choinne an Ráitis Tionchair Natura
- ➔ Measúnú Hidreageomoirfeolaíochta



## Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

### Rphost

[RameltonFRS@ByrneLooby.com](mailto:RameltonFRS@ByrneLooby.com)

### Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain

ByrneLooby

Building 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

### Fón

+353 (0) 21 240 7988

Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:

<https://www.floodinfo.ie/frs/ga/ramelton/home/>